# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1015 ÓN gCOIMISIÚN

## an 17 Meitheamh 2021

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le fearais chuisniúcháin, fearais uachtair reoite agus fearais déanta oighir, trealamh saotharlainne le haghaidh téamh ábhar, trealamh uathoibríoch agus leath-uathoibríoch saotharlainne le haghaidh anailíse agus cuspóirí eile, trealamh leictreach le rátálacha a bhaineann le soláthar leictreach, fearais chun craiceann a nochtadh do radaíocht ultraivialait agus infridhearg, téitheoirí seomra, iarainn leictreacha, soirn chócaireachta nach soirn iniompartha iad, iartaí, oighinn agus fearais dá samhail, galtáin fabraice, feistí leictrimheicniúla le haghaidh ciorcad rialaithe, pluideanna, pillíní, éadaí agus fearais sholúbtha téite dá samhail, agus trealamh leictreach áirithe eile a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), trealamh leictreach atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glacfar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na cuspóirí sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 3 den Treoir sin agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, cuspóirí a chumhdaítear faoi na caighdeáin chomhchuibhithe sin nó faoi chodanna sin díobh.

(2) Trí litir M/511 an 8 Samhain 2012, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) an chéad liosta iomlán de theidil na gcaighdeán comhchuibhithe a sholáthar agus na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais, na caighdeáin sin a dhréachtú, a athbhreithniú agus a chur i gcrích chun tacú le Treoir 2014/35/AE. Na cuspóirí sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir 2014/35/AE agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, níor tháinig athrú orthu ó rinneadh an iarraidh ar CEN, Cenelec agus ETSI.

(3) Ar bhonn iarraidh M/511, dhréachtaigh CEN agus Cenelec caighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-24:2010 maidir le fearais chuisniúcháin, fearais uachtair reoite agus fearais déanta oighir, agus dhréachtaigh siad freisin na leasuithe seo a leanas air – EN 60335-2-24:2010/A1:2019, EN 60335-2-24:2010/A2:2019 agus EN 60335-2-24:2010/A11:2020.

(4) Ar bhonn iarraidh M/511, d'athbhreithnigh CEN agus Cenelec caighdeáin chomhchuibhithe EN 61010-2-010:2014 agus EN 61293:1994, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh le Teachtaireacht (2018/C 326/02) ón gCoimisiún ([3]). Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeáin chomhchuibhithe EN IEC 61010-2-010:2020 maidir le trealamh saotharlainne le haghaidh téamh ábhar agus EN IEC 61293:2020 maidir le trealamh leictreach le rátálacha a bhaineann le soláthar leictreach faoi seach.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357).

([3]) Teachtaireacht (2018/C 326/02) ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO C 326, 14.9.2018, lch. 4).

(5) Ar bhonn iarraidh M/511, leasaigh CEN agus Cenelec caighdeáin chomhchuibhithe EN 60335-2-17:2013 maidir le pluideanna, pillíní, éadaí agus fearais sholúbtha téite dá samhail, agus EN 60335-2-85:2003 maidir le galtán fabraice, caighdeáin a gcuimsítear na tagairtí dóibh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 ón gCoimisiún ([4]). Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeáin chomhchuibhithe leasaitheacha EN 60335-2-17:2013/A1:2020 agus EN 60335-2-85:2003/A2:2020 faoi seach. Leasaigh CEN agus Cenelec na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas freisin, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh le Teachtaireacht (2018/C 326/02): EN 60335-2-27:2013 maidir le fearais chun craiceann a nochtadh do radaíocht ultraivialait agus infridhearg; EN 60335-2-30:2009 maidir le téitheoirí seomra; agus EN 60335-2-6:2015 maidir le soirn chócaireachta nach soirn iniompartha iad, iartaí, oighinn agus fearais dá samhail. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe leasaitheacha seo a leanas faoi seach: EN 60335-2-27:2013/A1:2020 agus EN 60335-2-27:2013/A2:2020; EN 60335-2-30:2009/A12:2020 agus EN 60335-2-30:2009/A1:2020; agus EN 60335-2-6:2015/A11:2020 agus EN 60335-2-6:2015/A1:2020.

(6) Ar bhonn iarraidh M/511, rinne CEN agus Cenelec athbhreithniú freisin ar chaighdeán comhchuibhithe EN 61010-2-081:2015 maidir le trealamh uathoibríoch agus leath-uathoibríoch saotharlainne le haghaidh anailíse agus cuspóirí eile, agus leasaigh siad caighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-3:2016 maidir le hiarainn leictreacha. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN IEC 61010-2-081:2020 agus caighdeán comhchuibhithe leasaitheach EN 60335-2-3:2016/A1:2020 faoi seach.

(7) Na caighdeáin chomhchuibhithe sin agus na leasuithe atá déanta orthu, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN agus Cenelec i dtaobh cé acu a chomhlíonann siad iarraidh M/511 nó nach gcomhlíonann.

(8) Caighdeáin chomhchuibhithe EN IEC 61010-2-010:2020, EN IEC 61010-2-081:2020, EN IEC 61293:2020, EN 60335-2-17:2013 (arna leasú le EN 60335-2-17:2013/A1:2020), EN 60335-2-27:2013 (arna leasú le EN 60335-2-27:2013/A1:2020 agus le EN 60335-2-27:2013/A2:2020), EN 60335-2-30:2009 (arna leasú le EN 60335-2-30:2009/A12:2020 agus le EN 60335-2-30:2009/A1:2020), EN 60335-2-3:2016 (arna leasú le EN 60335-2-3:2016/A1:2020), EN 60335-2-6:2015 (arna leasú le EN 60335-2-6:2015/A11:2020 agus le EN 60335-2-6:2015/A1:2020) agus EN 60335-2-85:2003 (arna leasú le EN 60335-2-85:2003/A2:2020), agus mar a leasaítear nó mar a cheartaítear iad le caighdeáin ar bith eile a bhfoilsítear tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, sásaíonn siad na cuspóirí sábháilteachta is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2014/35/AE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i dteannta leis na tagairtí d'aon chaighdeán leasaitheach nó ceartaitheach ábhartha a bhaineann leo.

(9) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Treoir 2014/35/AE. Chun a áirithiú go liostaítear in aon ghníomh amháin na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh d'fhonn tacú le Treoir 2014/35/AE, ba cheart na tagairtí sin a chuimsiú i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956.

(10) I dTábla ZZA.1 de chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-24:2010 (arna leasú le EN 60335-2-24:2010/A1:2019, EN 60335-2-24:2010/A2:2019 agus EN 60335-2-24:2010/A11:2020), tugtar míniú ar an téacs "achar is mó ná 75 $cm^2$" atá á úsáid i gclásail 30.2 agus 30.2.101 den chaighdeán sin. Chun an tsoiléireacht agus an comhleanúnachas a áirithiú, ba cheart srian a bheith ann maidir leis an téacs sin agus an tagairt don chaighdeán sin á foilsiú, í sin agus na tagairtí do na caighdeáin leasaitheacha ar an gcaighdeán sin.

(11) Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh leictreach a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE, foráiltear le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 go liostófar iad in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin. Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE agus ar foilsíodh iad agus srian ag gabháil leo, d'fhonn a áirithiú go liostaítear na tagairtí sin in aon ghníomh amháin, is gá an tAirteagal sin a leasú agus Iarscríbhinn ar leithligh a chur isteach ina mbeidh na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2019 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le trealamh leictreach a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 306, 27.11.2019, lch. 26).

(12) Dhréachtaigh CEN agus Cenelec ceartúchán EN 60947-5-1:2017/AC:2020-05 freisin ar ceartúchán é lena gceartaítear caighdeán comhchuibhithe EN 60947-5-1:2017 maidir le feistí le haghaidh ciorcad rialaithe agus le heilimintí lasctha, caighdeán a gcuimsítear an tagairt dó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956. Ós rud é go ndéantar ceartúcháin theicniúla ar an gcaighdeán sin a thabhairt isteach leis an gceartúchán, agus chun a áirithiú go ndéanfar caighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh na tagairtí dóibh a chur i bhfeidhm i gceart agus go comhsheasmhach, is iomchuí an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin i dteannta leis an tagairt don cheartúchán a fhoilsiú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956.

(13) Is gá, dá bhrí sin, na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas a tharraingt siar as sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ós rud é gur athbhreithníodh nó gur leasaíodh iad, agus na tagairtí d'aon chaighdeán leasaitheach nó ceartaitheach a bhaineann leo a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a tharraingt siar freisin: EN 61010-2-010:2014; EN 61293:1994. EN 60335-2-27:2013; EN 60335-2-30:2009; agus EN 60335-2-6:2015.

(14) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE agus atá tarraingthe siar as sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí sin a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(15) Ina theannta sin, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 60335-2-17:2013, EN 60335-2-85:2003 agus EN 60947-5-1:2017, agus na tagairtí d'aon chaighdeán leasaitheach nó ceartaitheach a bhaineann leo a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is gá na tagairtí sin a tharraingt siar as sraith L d'I*ris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é gur leasaíodh nó gur ceartaíodh iad. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí sin a scriosadh as Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956.

(16) Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 61010-2-010:2014, EN 61293:1994, EN 60335-2-27:2013, EN 60335-2-30:2009, EN 60335-2-6:2015, EN 60335-2-85:2003, EN 60335-2-17:2013 agus EN 60947-5-1:2017, agus na tagairtí d'aon chaighdeán leasaitheach nó ceartaitheach a bhaineann leo a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is gá tarraingt siar na dtagairtí sin a chur siar ionas go mbeidh a ndóthain ama ag monaróirí ullmhú do chur i bhfeidhm chaighdeáin chomhchuibhithe EN IEC 61010-2-010:2020, EN IEC 61293:2020, EN 60335-2-17:2013 (arna leasú le EN 60335-2-17:2013/A1:2020), EN 60335-2-27:2013 (arna leasú le EN 60335-2-27:2013/A1:2020 agus le EN 60335-2-27:2013/A2:2020), EN 60335-2-30:2009 (arna leasú le EN 60335-2-30:2009/A12:2020 agus le EN 60335-2-30:2009/A1:2020), EN 60335-2-6:2015 (arna leasú le EN 60335-2-6:2015/A11:2020 agus le EN 60335-2-6:2015/A1:2020), EN 60335-2-85:2003 (arna leasú le EN 60335-2-85:2003/A2:2020) agus EN 60947-5-1:2017 (arna cheartú le EN 60947-5-1:2017/AC:2020-05), agus cur i bhfeidhm na gcaighdeán sin mar a leasaítear nó mar a cheartaítear iad le caighdeáin ar bith eile a bhfoilsítear tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(17) Foilsíodh an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 61010-2-081:2015 den chéad uair le Teachtaireacht (2016/C 249/03) ón gCoimisiún ([5]), ach fágadh ar lár í de dheasca earráide ó Theachtaireacht (2018/C 209/04) ([6]) agus Teachtaireacht (2018/C 326/02) ón gCoimisiún. Ba cheart, dá bhrí sin, an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le héifeacht chúlghabhálach. Ba cheart feidhm a bheith ag an bhfoilsiú sin ar feadh tréimshe a fhágfaidh go mbeidh monaróirí in ann ullmhú do chur i bhfeidhm chaighdeán comhchuibhithe EN IEC 61010-2-081:2020.

(18) Foilsíodh an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-3:2016 den chéad uair le Teachtaireacht (2016/C 249/03) ach fágadh ar lár í de dheasca earráide ó Theachtaireacht (2018/C 326/02). Ba cheart, dá bhrí sin, an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le héifeacht chúlghabhálach. Ba cheart feidhm a bheith ag an bhfoilsiú sin ar feadh tréimshe a fhágfaidh go mbeidh monaróirí in ann ullmhú do chur i bhfeidhm chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-3:2016 (arna leasú le EN 60335-2-3:2016/A1:2020).

---

([5]) Teachtaireacht (2016/C 249/03) ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO C 249, 8.7.2016, lch. 62).

([6]) Teachtaireacht (2018/C 209/04) ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO C 209, 15.6.2018, lch. 37).

(19) Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 60664-1:2007, EN 60051-1:1998, EN 60127-3:1996, EN 60664-3:2003, EN 60695-10-3:2002, EN 60695-11-2:2014, EN 60695-11-5:2005, EN ISO 11252:2013, HD 597 S1:1992, EN 60664-4:2006, EN 60695-2-10:2013, EN 60695-2-11:2014, EN 60695-10-2:2014, EN 60695-11-3:2012, EN 60695-11-4:2011, EN 60695-11-10:2013, EN 60695-11-20:2015, EN 61010-2-091:2012, EN 61557-8:2015, EN 61557-15:2014 agus EN 61557-16:2015, agus na tagairtí d'aon leasú nó aon cheartúchán a rinneadh orthu, foilsíodh iad den chéad uair le Teachtaireacht (2016/C 249/03), ach fágadh ar lár iad de dheasca earráide ó Theachtaireachtaí (2018/C 209/04) agus (2018/C 326/02). Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 50288-2-1:2013, EN 50288-2-2:2013, EN 50288-3-1:2013, EN 50288-3-2:2013, EN 50288-4-1:2013, EN 50288-4-2:2013, EN 50288-5-1:2013, EN 50288-5-2:2013, EN 50288-6-1:2013, EN 50288-6-2:2013, EN 50288-10-2:2015, EN 50288-11-2:2015, EN 62493:2010, EN 50288-1:2013, EN 61010-2-061:2015, EN 61230:2008 agus EN 62026-7:2013, agus na tagairtí d'aon leasú nó aon cheartúchán a rinneadh orthu, foilsíodh iad den chéad uair le Teachtaireacht (2016/C 249/03), ach fágadh ar lár iad de dheasca earráide ó Theachtaireacht (2018/C 326/02). Ba cheart, dá bhrí sin, na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le héifeacht chúlghabhálach.

(20) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1146 ón gCoimisiún ([7]), rinneadh an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 50178:1997 a chuimsiú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956, Iarscríbhinn ina liostaítear na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE agus a tarraingíodh siar as sraith C, gan dáta an tarraingt siar a shonrú. Is gá, dá bhrí sin, iontráil nua ina bhfuil tagairt do EN 50178:1997 agus do dháta an tarraingt siar a chur in ionad na hiontrála ábhartha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956. Ós rud é gur athbhreithníodh EN 50178:1997 le EN 62477-1:2012 agus le leasú EN 62477-1:2012/A11:2014 air, dhá ní ar foilsíodh na tagairtí dóibh i sraith C d'I*ris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*le Teachtaireacht (2018/C 326/02), is gá tuilleadh ama a thabhairt do mhonaróirí ullmhú do chur i bhfeidhm chaighdeán comhchuibhithe EN 62477-1:2012 agus an leasaithe a rinneadh air. Ba cheart, dá bhrí sin, tarraingt siar EN 50178:1997 a chur siar.

(21) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 a leasú dá réir.

(22) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha, lena n-áirítear na cuspóirí sábháilteachta, a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear tagairtí an chaighdeáin sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Is gá roinnt tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le héifeacht chúlghabhálach. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"An tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-24:2010 a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE, agus a leagtar amach in Iarscríbhinn IA a ghabhann leis an gCinneadh seo, déantar leis seo í a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus srian ag gabháil léi.

Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh leictreach a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais, ar caighdeáin iad a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE agus a liostaítear in Iarscríbhinn IB a ghabhann leis an gCinneadh seo, déantar leis seo iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Measfar na tagairtí sin a bheith foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ó na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1146 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le fearais áirithe tí, le naisc theirmeacha, le trealamh i líonraí cábla le haghaidh comharthaí teilifíse, comharthaí fuaime agus seirbhísí idirghníomhacha, le scoradáin chiorcaid, leis an stuamhúchadh agus an stuatháthú, le cúplóirí suiteála atá ceaptha le haghaidh nasc buan i suiteálacha do-aistrithe, le claochladáin, imoibreoirí, aonaid soláthair cumhachta agus meascáin de na trí ní sin, le córais luchtaithe seolta le haghaidh feithiclí leictreacha, le ceangail chábla agus córais bainistíochta cáblaí, le feistí le haghaidh ciorcad rialaithe, le heilimintí lasctha, le soilsiú éigeandála, le ciorcaid leictreacha a úsáidtear le lonróirí, agus le lampaí díluchtaithe (IO L 250, 3.8.2020, lch. 121).

Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh leictreach a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais, ar caighdeáin iad a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE agus a liostaítear in Iarscríbhinn IC a ghabhann leis an gCinneadh seo, déantar leis seo iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Measfar na tagairtí sin a bheith foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar feadh na dtréimhsí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.";

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(3) Cuirtear isteach Iarscríbhinn IA a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(4) Cuirtear isteach Iarscríbhinn IB a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(5) Cuirtear isteach Iarscríbhinn IC a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(6) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (1) d'Iarscríbhinn I ón 22 Nollaig 2022.

Beidh feidhm ag pointe (3) d'Iarscríbhinn I ón 22 Nollaig 2021.

Beidh feidhm ag pointe (5) d'Iarscríbhinn I ón 22 Nollaig 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Meitheamh 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 mar a leanas:

(1) scriostar ró 11;

(2) cuirtear isteach ró 11a seo a leanas:

| | |
|---|---|
| "11a. | EN 60335-2-85:2003<br>Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail - Sábháilteacht – Cuid 2-85: Ceanglais ar leith maidir le galtáin fabraice<br>EN 60335-2-85:2003/A1:2008<br>EN 60335-2-85:2003/A11:2018<br>EN 60335-2-85:2003/A2:2020"; |

(3) scriostar ró 18;

(4) cuirtear isteach ró 18a seo a leanas:

| | |
|---|---|
| "18a. | EN 60947-5-1:2017<br>Lascthrealamh agus trealamh rialaithe ísealvoltais - Cuid 5-1: Feistí le haghaidh ciorcad rialaithe agus eilimintí lasctha na gciorcad sin - Feistí leictrimheicniúla le haghaidh ciorcad rialaithe<br>EN 60947-5-1:2017/AC:2020-05"; |

(5) scriostar ró 33;

(6) cuirtear isteach ró 33a seo a leanas:

| | |
|---|---|
| "33a. | EN 60335-2-17:2013<br>Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail – Sábháilteacht – Cuid 2-17: Ceanglais ar leith maidir le pluideanna, pillíní, éadaí agus fearais sholúbtha téite dá samhail<br>EN 60335-2-17:2013/A11:2019<br>EN 60335-2-17:2013/A1:2020"; |

(7) cuirtear isteach na rónna seo a leanas:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| "73. | EN IEC 61010-2-010:2020<br>Ceanglais sábháilteachta maidir le trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialaithe agus úsáid saotharlainne – Cuid 2-010: Ceanglais ar leith maidir le trealamh saotharlainne le haghaidh téamh ábhar |
| 74. | EN IEC 61010-2-081:2020<br>Ceanglais sábháilteachta maidir le trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialaithe agus úsáid saotharlainne - Cuid 2-081: Ceanglais ar leith maidir le trealamh saotharlainne uathoibríoch agus leath-uathoibríoch le haghaidh anailíse agus cuspóirí eile |
| 75. | EN IEC 61293:2020<br>Trealamh leictreach a mharcáil le rátálacha a bhaineann le soláthar leictreach - Ceanglais sábháilteachta |
| 76. | EN 60335-2-27:2013<br>Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail - Sábháilteacht – Cuid 2-27: Ceanglais ar leith maidir le fearais chun craiceann a nochtadh do radaíocht ultraivialait agus infridhearg |

| | |
|---|---|
| | EN 60335-2-27:2013/A1:2020<br>EN 60335-2-27:2013/A2:2020 |
| 77. | EN 60335-2-3:2016<br>Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail - Sábháilteacht – Cuid 2-3: Ceanglais ar leith maidir le hiarainn leictreacha<br>EN 60335-2-3:2016/A1:2020 |
| 78. | EN 60335-2-30:2009<br>Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail - Sábháilteacht – Cuid 2-30: Ceanglais ar leith maidir le téitheoirí seomra<br>EN 60335-2-30:2009/A11:2012<br>EN 60335-2-30:2009/AC:2010<br>EN 60335-2-30:2009/AC:2014<br>EN 60335-2-30:2009/A1:2020<br>EN 60335-2-30:2009/A12:2020 |
| 79. | EN 60335-2-6:2015<br>Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail - Sábháilteacht – Cuid 2-6: Ceanglais ar leith maidir le soirn chócaireachta nach soirn iniompartha iad, iartaí, oighinn agus fearais dá samhail<br>EN 60335-2-6:2015/A11:2020<br>EN 60335-2-6:2015/A1:2020.” |

*IARSCRÍBHINN II*

*"IARSCRÍBHINN IA*

| An tagairt don chaighdeán |
| --- |
| EN 60335-2-24:2010<br>Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail - Sábháilteacht – Cuid 2-24: Ceanglais ar leith maidir le fearais chuisniúcháin, fearais uachtair reoite agus meaisíní déanta oighir<br><br>EN 60335-2-24:2010/A1:2019<br>EN 60335-2-24:2010/A2:2019<br>EN 60335-2-24:2010/A11:2020<br><br>Fógra: Chun comhréireacht a thoimhdiú leis na cuspóirí sábháilteachta comhfhreagracha, cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir 2014/35/AE agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin:<br>(a) an téacs 'achar is mó ná 75 $cm^2$' atá i gclásal 30.2, léifear sin mar a leanas – 'achar iomlán is mó ná 75 $cm^2$ (measfar gur 75 $cm^2$ atá i suim na bpoll ar fad i gcuid chúil fearais)';<br>(b) an téacs 'achar nach mó ná 75 $cm^2$' atá i gclásal 30.2.101, léifear sin mar a leanas – 'achar iomlán nach mó ná 75 $cm^2$ (measfar gur 75 $cm^2$ atá i suim na bpoll ar fad i gcuid chúil fearais)'" |

*IARSCRÍBHINN II*

*"IARSCRÍBHINN 1B*

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Ón |
|---|---|---|
| 01. | HD 597 S1:1992<br>Toilleoirí cúplála agus roinnteoirí toilleoirí<br>HD 597 S1:1992/AC:1992 | 15 Meitheamh 2018 |
| 02. | EN 50288-1:2013<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach – Cuid 1: Sonraíocht chineálach | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 03. | EN 50288-2-1:2013<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach – Cuid 2-1: Sonraíocht thrasghearrthach le haghaidh cáblaí sciata suas le 100 MHz - Cáblaí cothrománacha agus cáblaí ingearacha tógála | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 04. | EN 50288-2-2:2013<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach – Cuid 2-2: Sonraíocht thrasghearrthach le haghaidh cáblaí sciata suas le 100 MHz - Cáblaí limistéir oibre agus cáblaí corda paiste | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 05. | EN 50288-3-1:2013<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach – Cuid 3-1: Sonraíocht thrasghearrthach le haghaidh cáblaí neamhsciata suas le 100 MHz - Cáblaí cothrománacha agus cáblaí ingearacha tógála | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 06. | EN 50288-3-2:2013<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach - Cuid 3-2: Sonraíocht thrasghearrthach le haghaidh cáblaí neamhsciata suas le 100 MHz - Cáblaí limistéir oibre agus cáblaí corda paiste | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 07. | EN 50288-4-1:2013<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach - Cuid 4-1: Sonraíocht thrasghearrthach le haghaidh cáblaí sciata suas le 600 MHz - Cáblaí cothrománacha agus cáblaí ingearacha tógála | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 08. | EN 50288-4-2:2013<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach - Cuid 4-2: Sonraíocht thrasghearrthach le haghaidh cáblaí sciata suas le 600 MHz - Cáblaí limistéir oibre agus cáblaí corda paiste | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 09. | EN 50288-5-1:2013<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach - Cuid 5-1: Sonraíocht thrasghearrthach le haghaidh cáblaí sciata suas le 250 MHz - Cáblaí cothrománacha agus cáblaí ingearacha tógála | 14 Meán Fómhair 2018 |

| | | |
|---|---|---|
| 10. | EN 50288-5-2:2013<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach - Cuid 5-2: Sonraíocht thrasghearrthach le haghaidh cáblaí sciata suas le 250 MHz - Cáblaí limistéir oibre agus cáblaí corda paiste | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 11. | EN 50288-6-1:2013<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach - Cuid 6-1: Sonraíocht thrasghearrthach le haghaidh cáblaí neamhsciata suas le 250 MHz - Cáblaí cothrománacha agus cáblaí ingearacha tógála | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 12. | EN 50288-6-2:2013<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach - Cuid 6-2: Sonraíocht thrasghearrthach le haghaidh cáblaí neamhsciata suas le 250 MHz - Cáblaí limistéir oibre agus cáblaí corda paiste | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 13. | EN 50288-10-2:2015<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach - Cuid 10-2: Sonraíocht thrasghearrthach le haghaidh cáblaí sciata ó 1 MHz suas le 500 MHz le haghaidh limistéar oibre, cordaí paiste agus lárionad sonraí | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 14. | EN 50288-11-2:2015<br>Cáblaí il-eiliminte miotalacha a úsáidtear i gcumarsáid agus i rialú analógach agus digiteach - Cuid 11-2: Sonraíocht thrasghearrthach le haghaidh cáblaí neamh-sciata ó 1 MHz suas le 500 MHz le haghaidh limistéar oibre, cordaí paiste agus lárionad sonraí | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 15. | EN 60051-1:1998<br>Uirlisí tomhais táscacha leictreacha analógacha a ghníomhaíonn go díreach agus comhpháirteanna na n-uirlisí sin - Cuid 1: Sainmhínithe agus ceanglais ghinearálta a bhaineann le gach páirt | 15 Meitheamh 2018 |
| 16. | EN 60127-3:1996<br>Mionfhiúsanna - Cuid 3: Naisc fo-mhionfhiúsanna<br>EN 60127-3:1996/A2:2003<br>EN 60127-3:1996/AC:1996 | 15 Meitheamh 2018 |
| 17. | EN 60664-1:2007<br>Comhordú inslithe le haghaidh trealaimh laistigh de chórais ísealvoltais - Cuid 1: Prionsabail, ceanglais agus tástálacha | 15 Meitheamh 2018 |
| 18. | EN 60664-4:2006<br>Comhordú inslithe le haghaidh trealaimh laistigh de chórais ísealvoltais - Cuid 4: Breithniú ar strus voltais ardmhinicíochta<br>EN 60664-4:2006/AC:2006 | 15 Meitheamh 2018 |

| | | |
|---|---|---|
| 19. | EN 60695-2-10:2013<br>Tástáil guaise dóiteáin - Cuid 2-10: Modhanna tástála bunaithe ar bhreoshreang/teoshreang - Fearas breoshreinge agus an nós imeachta tástála coiteann | 15 Meitheamh 2018 |
| 20. | EN 60695-2-11:2014<br>Tástáil guaise dóiteáin - Cuid 2-11: Modhanna tástála bunaithe ar bhreoshreang/teoshreang - Modh tástála inadhainteachta breoshreinge le haghaidh táirgí deiridh (GWEPT) (IEC 60695-2-11:2014) | 15 Meitheamh 2018 |
| 21. | EN 60695-10-2:2014<br>Tástáil guaise dóiteáin - Cuid 10-2: Teas mínormálta - Modh tástála brú liathróide | 15 Meitheamh 2018 |
| 22. | EN 60695-10-3:2002<br>Tástáil guaise dóiteáin - Cuid 10-3: Teas mínormálta - Tástáil díchumtha um fhuascailt struis múnla | 15 Meitheamh 2018 |
| 23. | EN 60695-11-2:2014<br>Tástáil guaise dóiteáin - Cuid 11-2: Lasracha tástála - Lasair réamh-mheasctha ainmniúil 1 kW: Fearas, socrú tástála deimhniúcháin agus treorú | 15 Meitheamh 2018 |
| 24. | EN 60695-11-3:2012<br>Tástáil guaise dóiteáin - Cuid 11-3: Lasracha tástála - Lasracha 500 W - Fearas agus modhanna tástála deimhniúcháin | 15 Meitheamh 2018 |
| 25. | EN 60695-11-4:2011<br>Tástáil guaise dóiteáin - Cuid 11-4: Lasracha tástála - Lasracha 50 W - Fearas agus modh tástála deimhniúcháin | 15 Meitheamh 2018 |
| 26. | EN 60695-11-5:2005<br>Tástáil guaise dóiteáin - Cuid 11-5: Lasracha tástála - Modh tástála lasrach snáthaide - Fearas, socrú tástála deimhniúcháin agus treorú | 15 Meitheamh 2018 |
| 27. | EN 60695-11-10:2013<br>Tástáil guaise dóiteáin - Cuid 11-10: Lasracha tástála - Modhanna tástála lasracha cothrománacha agus ingearacha 50 W<br><br>EN 60695-11-10:2013/AC:2014 | 15 Meitheamh 2018 |
| 28. | EN 60695-11-20:2015<br>Tástáil guaise dóiteáin - Cuid 11-20: Lasracha tástála - Modh tástála lasrach 500 W<br><br>EN 60695-11-20:2015/AC:2016 | 15 Meitheamh 2018 |
| 29. | EN 61010-2-061:2015<br>Ceanglais sábháilteachta maidir le trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialaithe agus úsáid saotharlainne - Cuid 2-061: Ceanglais ar leith maidir le speictriméadair adamhacha saotharlainne lena mbaineann adamhú agus ianú teirmeach | 14 Meán Fómhair 2018 |

| | | |
|---|---|---|
| 30. | EN 61010-2-091:2012<br><br>Ceanglais sábháilteachta maidir le trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialaithe agus úsáid saotharlainne - Cuid 2-091: Ceanglais ar leith maidir le córais X-gha caibinéid<br><br>EN 61010-2-091:2012/AC:2013 | 15 Meitheamh 2018 |
| 31. | EN 61230:2008<br><br>Obair bheo - Trealamh iniompartha le haghaidh talmhaithe nó le haghaidh talmhaithe agus gearrchiorcadta | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 32. | EN 61557-8:2015<br><br>Sábháilteacht leictreach i gcórais dáilte ísealvoltais suas le 1 000 V a.c. agus 1 500 V d.c. - Trealamh le haghaidh bearta cosanta a thástáil nó a thomhas, nó le haghaidh faireachán a dhéanamh orthu - Cuid 8: Gairis mhonatóireachta inslithe le haghaidh córais TF | 15 Meitheamh 2018 |
| 33. | EN 61557-15:2014<br><br>Sábháilteacht leictreach i gcórais dáilte ísealvoltais suas le 1 000 V a.c. agus 1 500 V d.c. - Trealamh le haghaidh bearta cosanta a thástáil nó a thomhas, nó le haghaidh faireachán a dhéanamh orthu - Cuid 15: Ceanglais sábháilteachta feidhmiúla maidir le gairis um fhaireachán inslithe i gcórais TF agus i dtrealamh um aimsiú lochtanna inslithe i gcórais TF | 15 Meitheamh 2018 |
| 34. | EN 61557-16:2015<br><br>Sábháilteacht leictreach i gcórais dáilte ísealvoltais suas le 1 000 V a.c. agus 1 500 V d.c. - Trealamh le haghaidh bearta cosanta a thástáil nó a thomhas, nó le haghaidh faireachán a dhéanamh orthu- Cuid 16: Trealamh le haghaidh tástáil a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart cosanta i leith trealamh leictreach agus/nó trealamh leighis leictreach | 15 Meitheamh 2018 |
| 35. | EN 62026-7:2013<br><br>Lascthrealamh agus trealamh rialaithe ísealvoltais - Comhéadain rialaitheora agus feiste (CDIanna) - Cuid 7: CompoNet | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 36. | EN 60664-3:2003<br><br>Comhordú inslithe le haghaidh trealamh a úsáidtear laistigh de chórais ísealvoltais - Cuid 3: Bratú, potú nó múnlú a úsáid mar chosaint ar an truailliú<br><br>EN 60664-3:2003/A1:2010 | 15 Meitheamh 2018 |
| 37. | EN 60664-1:2007<br><br>Comhordú inslithe le haghaidh trealamh lena mbaineann córais ísealvoltais — Cuid 1: Prionsabail, ceanglais agus tástálacha | 14 Meán Fómhair 2018 |
| 38. | EN ISO 11252:2013<br><br>Léasair agus trealamh a bhaineann le léasair - Gaireas léasair - Ceanglais íosta maidir le doiciméadacht (ISO 11252:2013) | 15 Meitheamh 2018.” |

*IARSCRÍBHINN IV*

*"IARSCRÍBHINN IC*

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Ón | Go dtí an |
|---|---|---|---|
| 1. | EN 61010-2-081:2015<br>Ceanglais sábháilteachta maidir le trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialaithe agus úsáid saotharlainne - Cuid 2-081: Ceanglais ar leith maidir le trealamh uathoibríoch agus leath-uathoibríoch saotharlainne le haghaidh anailíse agus cuspóirí eile | 15 Meitheamh 2018 | 22 Nollaig 2022 |
| 2. | EN 60335-2-3:2016<br>Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail - Sábháilteacht - Cuid 2-3: Ceanglais ar leith maidir le hiarainn leictreacha | 14 Meán Fómhair 2018 | 22 Nollaig 2022' |

*IARSCRÍBHINN V*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1956 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 64:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| "64. | EN 50178:1997<br>Trealamh leictreonach atá le húsáid i suiteálacha cumhachta | 22 Nollaig 2021"; |

(2) cuirtear isteach na rónna seo a leanas:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| "72. | EN 61010-2-010:2014<br>Ceanglais sábháilteachta maidir le trealamh leictreach le haghaidh tomhais, rialaithe agus úsáid saotharlainne - Cuid 2-010: Ceanglais ar leith maidir le trealamh saotharlainne le haghaidh téamh ábhar | 22 Nollaig 2022 |
| 73. | EN 61293:1994<br>Trealamh leictreach a mharcáil le rátálacha a bhaineann le soláthar leictreach - Ceanglais sábháilteachta | 22 Nollaig 2022 |
| 74. | EN 60335-2-27:2013<br>Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail - Sábháilteacht - Cuid 2-27: Ceanglais ar leith maidir le fearais chun craiceann a nochtadh do radaíocht ultraivialait agus infridhearg | 22 Nollaig 2022 |
| 75. | EN 60335-2-30:2009<br>Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail - Sábháilteacht - Cuid 2-30: Ceanglais ar leith maidir le téitheoirí seomra<br>EN 60335-2-30:2009/A11:2012<br>EN 60335-2-30:2009/AC:2010<br>EN 60335-2-30:2009/AC:2014 | 22 Nollaig 2022 |
| 76. | EN 60335-2-6:2015<br>Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail - Sábháilteacht - Cuid 2-6: Ceanglais ar leith maidir le soirn chócaireachta nach soirn iniompartha iad, iartaí, oighinn agus fearais dá samhail | 22 Nollaig 2022". |